

## FOIRM

# SOLLÚNAITHE AN PHÓSTA

### **Intreoir**

#### *Deir an sagart leis an phobal*

A chairde na páirte, táimid cruinnithe le chéile anseo i bhfianaise Dé, agus os comhair an Phobail seo, chun an fear seo agus an bhean seo a chur faoi chuing an phósta naofa; is inmhe urramach í a bhunaigh Dia san am ina raibh an duine neamhurchóideach, agus ciallaíonn sé dúinn an aontacht rúndiamhrach idir Críost agus a Eaglais; dhealraigh agus sciamhaigh Críost an inmhe naofa seo nuair a tháinig sé i láthair agus rinne a chéad fheart i gCána Ghaililé; agus moltar sa Scriptor Naofa í a bheith ina díol urraime i measc daoine i gcoiteann: agus ar an ábhar sin níor chóir d'aon duine a thionscnamh, ná a ghabháil air féin gan mhachnamh, ná go tobann, éadrom; ach go hurramach, céillí, tuisceanach, stuama, agus in uamhan Dé; ag smaoinreamh mar is dual ar na hábhair faoinar bunaíodh an Pósadh:

Ar dtús, leis an gcine daonna a fhairsingiú, de réir toil Dé, agus le clanna agus teaghlaigh a riaradh, chun go dtógfad leanaí in eagla agus in oiliúint an Tiarna, agus lena Naomhainm a mhóradh;

An dara hábhar, le comhcheangal fir agus mná a naomhú, agus le peaca a sheachaint;

An tríú ábhar, faoi choinne an chomhluadair, an chúnaimh, agus na fortachta ar chóir dóibh a thabhairt dá chéile trí shéan agus trí léan.

Is le dul faoi chuing na himmhe naofa sin a thagann an bheirt seo i láthair anois. Dá bhrí sin, más féidir le haon duine ábhar cóir ar bith a fhoilsiú faoi nár dhleathach iad a chomhcheangal, labhraíodh sé anois, nó fanadh sé ina thost go deo.

#### *Deir an ministir leis an lánúin*

Fógraím agus aithním oraibh araon, de réir mar bheidh sibh freagrach lá uafar an bhreithiúnais nuair a nochtfar rúin gach uile chroí, más eol do cheachtar agaibh col ar bith faoi nár dhleathach sibh a ligean faoi chuing an phósta, go n-adhmaí sibh anois é. Mar bígí cinnte, daoine a cheanglaítear i modh ar bith seachas mar a cheadaíonn Briathar Dé é, nach é Dia a cheanglaíonn iad, agus nach dleathach a bpósadh.

### **An Pósadh**

## AN CEAD

#### *Deir an ministir leis an fhear*

..... An toil leat an bhean seo a bheith agat mar do bhean phósta, chun bhur mbeatha a chaitheamh i bhfochair a chéile de réir reachta Dé i ndáil naofa an phósta? An toil leat grá, fortacht agus urraim a thabhairt di, agus í a chumhdach in easláinte agus i sláinte; agus ag tréigean gach uile mhná eile, tú féin a dhlúthú léise amháin, fad is mhairfidh sibh araon?

**Is toil liom.**

#### *Deir an ministir leis an bhean*

..... An toil leat an fear seo a bheith agat mar d'fhear pósta, chun bhur mbeatha a chaitheamh i bhfochair a chéile de réir reachta Dé i ndáil naofa an phósta? An toil leat grá agus urraim a thabhairt dó, agus é a chumhdach in easláinte agus i sláinte; agus ag tréigean gach uile fhir eile, tú féin a dhlúthú leisean amháin, fad is mhairfidh sibh araon?

**Is toil liom.**

#### *Nó féadann an ministir a rá leis an bhean*

..... An toil leat an fear seo a bheith agat mar d'fhear pósta, chun bhur mbeatha a chaitheamh i bhfochair a chéile de réir reachta Dé i ndáil naofa an phósta? An toil leat géilleadh dó, freastal air, grá agus urraim a thabhairt dó, agus é a chumhdach in easláinte agus i sláinte; agus ag tréigean gach uile fhir eile, tú féin a dhlúthú leisean amháin, fad is mhairfidh sibh araon?

**Is toil liom.**

***Fiafraíonn an ministir***

Cé thugas an bhean seo le pósadh ar an fhear seo?

***Gabhann an ministir an bhean as lámha a hathar, nó a carad.***

## MÓIDEANNA AN PHÓSTA

***Bheir an fear greim ar lámh dheas na mná lena lámh dheas féin, agus deir sé i ndiaidh an mhinistir***

Mise ....., gabhaim thú ..... mar mo bhean phósta, le bheith agam agus le do dhlúthú liom ón lá seo amach, más fearr más measa dúinn, más saibhir más daibhir, in easláinte agus i sláinte, le grá agus le téagar duit, go scara an bás sinn, de réir naomhreachta Dé; agus tugaim mo ghealltanas duit faoi.

***Bheir an bhean greim ar lámh dheas an fhir lena lámh dheas féin, agus deir sí i ndiaidh an mhinistir***

Mise ....., gabhaim thú ..... mar m'fhear pósta, le bheith agam agus le do dhlúthú liom ón lá seo amach, más fearr más measa dúinn, más saibhir más daibhir, in easláinte agus i sláinte, le grá agus le téagar duit, go scara an bás sinn, de réir naomhreachta Dé; agus tugaim mo ghealltanas duit faoi.

***Nó bheir an bhean greim ar lámh dheas an fhir lena lámh dheas féin, agus deir sí i ndiaidh an mhinistir***

Mise ....., gabhaim thú ..... mar m'fhear pósta, le bheith agam agus le do dhlúthú liom ón lá seo amach, más fearr más measa dúinn, más saibhir más daibhir, in easláinte agus i sláinte, le grá agus le téagar duit, ag géilleadh duit, go scara an bás sinn, de réir naomhreachta Dé; agus tugaim mo ghealltanas duit faoi.

## AG TABHAIRT AGUS AG GLACADH FÁINNE

***Tugann an fear fáinne don bhean, á chur ar an leabhar.***

***Cuireann an fear an fáinne ar an cheathrú méar ar lámh chlé na mná, agus á choinneáil ansin, deir sé***

Pósaim thú leis an fháinne seo, umhlaím duit le mo cholainn, bronnaim ort a bhfuil de mhaoin shaolta agam; in Ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. **Áiméan.**

***Má thugann an bhean fáinne don fhear, cuireann sí an fáinne ar an cheathrú méar ar lámh chlé an fhir, agus á choinneáil ansin, deir sí***

Pósaim thú leis an fháinne seo, umhlaím duit le mo cholainn, bronnaim ort a bhfuil de mhaoin shaolta agam; in Ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. **Áiméan.**

**URNAÍ**

***Cuireann an fear agus an bhean glúin fúthu. Deir an sagart***

Guímis.

A Dhia shíoraí, a Chruthaitheoir agus a Chumhdaitheoir an chine daonna uile, a Thíolacthóir gach uile ghrásta an Spioraid, a Údair na beatha suthaine; seol do bheannacht orthu seo do shearbhóntaí, an fear seo agus an bhean seo, atá á mbeannú againn i d'Ainmse; chun mar a chaith Ísaac agus Rebecca a saol go dílis i bhfochair a chéile, go gcomhlíona na daoine seo agus go seasa siad go daingean mar an gcéanna an mhóid agus an conradh a rinneadh eatarthu (darbh chomhartha agus coraíocht an Fáinne seo a tugadh agus a glacadh), agus go mairid de shíor i ngrá foirfe agus i síocháin lena chéile, ag caitheamh a saoil de réir do dhlíthe; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Agus a lámha deasa á gcur le chéile, deir an sagart***

Ná scaoileadh duine ar bith ó chéile iad seo a cheangail Dia le chéile.

*Labhraíonn an sagart leis an phobal*

**AN DEARBHÚ**

De bhrí gur aontaigh ..... agus ..... le chéile i bpósadh naofa, agus gur thugadar Dia agus an comhlúadar seo i bhfianaise air sin; agus gur thugadar a ngealltanas dá chéile faoi, agus gur dhearbhaíodar é trí fáinne a thabhairt agus a ghlacadh, agus trí shnaidhmeadh lámh; fógraím ina lánúin phósta iad, in Ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naomh. **Áiméan.**

**BEANNACHT**

*Cuireann an ministir an Bheannacht seo leis sin:*

Go mbeannaí agus go gcaomhnaí agus go gcumhdaí Dia an tAthair, Dia an Mac, Dia an Naomhspiorad sibh; go bhféacha an Tiarna go trócaireach oraibh lena chineáltas; agus go líona sé sibh le gach uile bheannacht spioradálta agus gach uile ghrásta, chun go gcaithe sibh bhur saol le chéile abhus i gcuma go mbí an bheatha shuthain agaibh sa saol atá le teacht. **Áiméan.**

**PAIDREACHA I NDIADH AN PHÓSTA**

*Téann an ministir chuig Tábla an Tiarna.*

*Deirtear nó ceoltar Salm acu sin a leanas (nó Salm ón liosta ar lech ).*

**AN SALM**

**Salm 128** *Beati omnes*

- 1 Is aoibhinn do chách lenarb eagal an Tiarna,  
agus a shiúlann ina shlite.
- 2 Íosfaidh tú toradh do shaothair féin;  
beidh tú go sona séanmhar.
- 3 Beidh do bhean chéile mar fhíniúin thorthúil, i gceartlár do thí.  
Beidh do chlann mar bhuinneáin crainn olóige, mórthimpeall do bhoird.
- 4 Is amhlaidh a bheannófar an duine  
ar a mbíonn eagla an Tiarna.
- 5 Go mbeannaí an Tiarna thú amach as Síón;  
gach uile lá de do shaol.
- 6 Go bhfeice tú clann do chlainne agus séan ar Iarúsailéim.  
Síocháin go raibh ar Iosrael.

Glóir don Athair, agus don Mhac,  
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois,  
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. **Áiméan.**

**nó Salm 67** *Deus misereatur*

- 1 Bí trócaireach linn, a Thiarna, agus beannaigh sinn;  
taispeáin dúinn solas do ghnúise.
- 2 Chun go n-aithneofaí do shlí ar talamh  
agus do shlánú i measc na náisiún go léir.
- 3 Go mola na ciníocha thú, a Dhia;  
go mola na ciníocha go léir thú.

- 4 Go ndéana na náisiúin lúcháir agus gairdeas toisc go rialaíonn tú na ciníocha le cothromas; treoraíonn tú na náisiúin ar talamh.
- 5 Go mola na ciníocha thú, a Dhia; go mola na ciníocha go léir thú.
- 6 Thug an talamh a thoradh uaidh go flúirseach; agus chuir Dia, ár nDia, a bheannacht orainn.
- 7 Go mbeannaí ár nDia i gcónaí sinn agus gurab eagal le críocha na cruinne é!

Glóir don Athair, agus don Mhac,  
agus don Spiorad Naomh;

mar a bhí ar dtús, mar atá anois,  
agus mar a bheas go brách, trí shaol na saol. **Áiméan.**

***Téann an fear agus an bhean ar a nglúine os comhair Thábla an Tiarna. Deir an Ministir***

Guímis.

A Thiarna, déan trócaire orainn.

**A Chríost, déan trócaire orainn.**

A Thiarna, déan trócaire orainn.

**Ár nAthair, atá ar neamh,  
Go naofar d'ainm, Go dtaga do ríocht,  
Go ndéantar do thoil ar talamh,  
Mar a dhéantar ar neamh.  
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.  
Agus maith dúinn ár bhfiacha,  
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.  
Agus ná lig sinn i gcathú,  
Ach saor sinn ón olc.  
Óir is leatsa an ríocht,  
Agus an chumhacht, Agus an ghlóir,  
Trí shaol na saol. **Áiméan.****

A Thiarna, saor d'óglach agus do bhanóglach;  
**A chuireann a n-iontaoibh ionat.**

A Thiarna, cuir cúnaimh chucu ó d'ionad naofa;  
**Agus cosain de shíor iad.**

Go mba túr nirt dóibh tú;  
**In éadan a namhad.**

A Thiarna, éist lenár nguí;  
**Agus lig dár n-éamh rochtain chugat.**

***Deir an ministir***

A Dhia Abrahaim, a Dhia Ísaac, a Dhia Iacóib, beannaigh na searbhóntaí seo agat, agus cuir síol na beatha síoraí ina gcoí; chun go gcuirid i ngníomh a bhfoghlaimeoid go tairbheach i do Bhriathar naofasa. Breathnaigh orthu, a Thiarna, go trócaireach ó neamh, agus beannaigh iad. Agus faoi mar a sheol tú do bheannacht ar Abrahám agus ar Shára, chun a mórfhortachta, mar an gcéanna deonaigh do bheannacht a sheoladh orthu seo do shearbhóntaí; ar chaoi, ar ngéilleadh dóibh do do thoil, agus ar mbeith dóibh de shíor slán faoi do choimirce, go mairid i do ghrá go críoch a saol, trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Is féidir an urnaí seo a leanas a rá***

A Thiarna thrócairigh agus a Athair neamhaí, ar trí do bheannacht ghrástúil a fhairsingítear an cine daonna; guímid thú, bronn orthu seo do shearbhóntaí sliocht agus toirbhirt clainne, agus deonaigh go mairid i bhfochair a

chéile i ngrá diaga agus i gcneastacht chomh fada sin go bhfeicid a gclann oilte go Críostúil agus go suáilceach, chun do mholta agus d'onóra; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia, a chum trí do thréanchumhacht gach uile ní de neamhní; do chinn fós (ar mbeith do gach uile ní in eagar) ar bhean a ghabháil a túis as an bhfear (a cruthaíodh de réir d'íomhá agus do chosúlactha féin); agus arna snaidhmeadh le chéile, do theagaisc nár dhleathach choíche iadsan a scaoileadh óna chéile dá ndearna tusa aon cholainn sa Phósadh: a Dhia, a choisric an saol pósta i modh is go gcuireann sé i gciall agus go dtaispeánann sé an pósadh spioradálta agus an aontacht idir Críost agus a Eaglais; breathnaigh go trócaireach orthu seo do shearbhóntaí, chun go dtuga an fear seo grá dá bhean chéile, de réir do Bhriathair (faoi mar a thug Críost grá dá nuachar an Eaglais, á thabhairt féin ar a son, á grá, agus á cothú mar a fheoil féin), agus mar an gcéanna go mbí an bhean seo ceanúil, lách, dílis, umhal dá fear chéile; agus go leana sí na máithreacha naofa diaga i gciúnas, i stuamacht agus i síocháin iomlán. A Thiarna, beannaigh iad seo araon, agus deonaigh dóibh teacht in oidhreacht do ríochta suthaine; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

*Is féidir paidreacha astu sin ar lgh 406-410 a roghnú tharstu seo*

**Deir an ministir**

Dia uilechumhachtach, a chruthaigh ar dtús ár gcéadsinsir, Ádhamh agus Éabha, agus a naomhaigh agus a cheangail le chéile iad sa phósadh; doirteadh sé oraibh saibhreas a ghrásta, naomhaíodh sé agus beannaíodh sé sibh, go mba thaitneamhach leis sibh i gcolainn agus in anam, agus go maire sibh i bhfochair a chéile i ngrá naofa go críoch bhur saoil, **Áiméan.**

*Ach ab é go mbeidh ceiliúradh den Chomaoineach Naofa ann, léitear sliocht as an Scrioptúr Naofa anseo. Má bhíonn seanmóir ann deirtear anseo í.*

*Féadann aintiún nó iomann teacht anseo.*

**Mura mbíonn an Chomaoineach Naofa ann, deir an ministir**

Guímis

A Dhia shíoraí, guímid go humhal thú dearcadh go ceansa orthu seo do shearbhóntaí anois faoi chuing an phósta de réir d'fholáirimh naofa; agus deonaigh, agus iad ag iarraidh i dtosach do ríochta agus d'ionracais, go bhfaighid beannachtaí iomadúla do ghrásta; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Thiarna uilechumhachtaigh, agus a Dhia shíormharthanaigh, deonaigh, sirimid ort, ár gcroí agus ár gcolainn araon a dhíriú, a naomhú, agus a rialú i slite do reachtanna, agus in oibreacha d'aitheanta; ionas go gcoinnítear slán sinn idir chorp agus anam faoi dhíon do lánchumhachta, anois agus go brách, trínár dTiarna agus ár Slánaitheoir Íosa Críost. **Áiméan.**

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan.**

*Is cúí go nglacfadh an lánúin nua an Chomaoineach Naofa ar uair a bpósta, nó a thúisce agus is féidir ina dhiaidh.*

**An Chomaoineach Naofa le linn Pósta**

**AN ORTHA**

A Dhia shíoraí, guímid go humhal thú dearcadh go ceansa orthu seo do shearbhóntaí anois faoi chuing an phósta de réir d'fholáirimh naofa; agus deonaigh, agus iad ag iarraidh i dtosach do ríochta agus d'ionracais, go bhfaighid beannachtaí iomadúla do ghrásta; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

**AN EIPISTIL**

*Eif. 5:; 20-33*

Ag gabháil buíochais gan stad le Dia an tAthair ar son an uile ní in ainm ár dTiarna Íosa Críost. Bígí géilliúil dá chéile le hómós do Chríost. Bíodh na mná umhal dá gcuid fear mar a bheidís don Tiarna, mar tá an fear ina cheann

ar a bhean ar nós mar atá Críost ina cheann ar an Eaglais agus ina shlánaitheoir ar an gcorp. Faoi mar atá an Eaglais faoi smacht Chríost, ar an dála chéanna bíodh na mná faoi smacht a gcuid fear i ngach ní. A fheara, bíodh grá agaibhse do bhuir mná faoi mar a bhí grá ag Críost don Eaglais agus thug suas é féin ar a son d'fhonn í a choisreacan do Dhia. Rinne sé í a fionghlanadh le briathar i bhfothragadh an uisce d'fhonn í réiteach dó féin ina hEaglais niamhrach, gan smál ná roc uirthi ná aon ní dá shórt ach í naofa gan cháim. Go deimhin, tá d'fhiacha ar na fir a mná a ghrá mar a ghránn siad a gcolainn féin, mar an té a thugann grá dá bhean is dó féin a thugann sé grá. Ní raibh aon duine riamh a thug fuath dá cholainn féin; is amhlaidh a dhéanann sé í a chothú agus a chumhdach faoi mar a dhéanann Críost don Eaglais, de bhrí gur baill dá chorp sinne. “Mar sin de, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith dlúth i bpáirt lena bhean agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu.” Is mór an rúndiamhair í seo, ach is ag tagairt atáimse do Chríost agus don Eaglais. Ar aon chuma grádh gach duine agaibhse a bhean mar é féin agus tugadh an bhean ómós dá fear.

## AN SOISCÉAL

*Matha 19: 4-6*

Dúirt Íosa: “Nár léigh sibh go ndearna an Cruthaitheoir ó thús iad fi r e a n n agus baineann agus go ndúirt: ‘Mar gheall air sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith go dlúth i bpáirt lena bhean, agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu.’ Dá réir sin, ní beirt iad feasta ach aon cholainn amháin. Dá bhrí sin, an ní a cheangail Dia ná scaoileadh duine é.”

***Is féidir léachtaí ón liosta ar lch 401 a roghnú tharstu seo.***

Ar lá an phósta, má chúisíonn, nó má fhoilsíonn aon duine col ar bith, faoi nár chóir an fear agus an bhean pósadh go dlíthiúil, an té a chúisíonn nó a fhoilsíonn an col, éilítear ar an té sin suim airgid a chlúdódh costais an phósta agus aon chostais eile a ghabhann leis, a chur ar fáil, sin nó dul i mbannaí air trí urra a chur leis. Ní mór mar sin an pósadh a chur ar athlá, go bhfionntar an fhírinne. Mura bhfíoraítear an col, tabharfar an tsuim airgid a cuireadh ar fáil nó a tugadh mar bhannaí, ar láimh an fhir agus na mná. Is ar an té a chúisigh nó a d'fhoilsigh an col a thitfidh na costais dlí a ghabhann leis seo.